



Tithe an
Oireachtas
Houses of the
Oireachtas

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

Grinnscrúdú Réamhreachtach ar Scéim Ghinearálta an Bhille
um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2022

Iúil 2023

Clár Ábhair

Réamhrá an Chathaoirligh.....	2
Moltaí.....	4
1. Cúlra ar an mBille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022.....	8
2. Bunús Dlí don Nós Imeachta	9
3. Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara	10
4. Bhaill Thofa de Bhord Údarás na Gaeltachta.....	15
5. Líon Bhaill Cheaptha de Bhord Údarás na Gaeltachta.....	16
6. Comhionannas Inscne idir na Baill ar Bhord Údarás na Gaeltachta	17
7. Cumas Gaeilge na Baill ar Bhord Údarás na Gaeltachta	18
8. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta	19
9. Na Coistí Réigiúnacha de chuid Údarás na Gaeltachta.....	20
10. Na Coinníollacha agus na Rialacha a bhaineann le Toghcháin agus Feidhmiú Bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta	21
11. Cumhachtaí Údarás na Gaeltachta	23
12. Stádas Údarás na Gaeltachta mar Údarás Réigiúnach Speisialta	24
AGUISÍN 1 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste	25
Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann	25
Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann (2021)	27
AGUISÍN 2 – Comholtas an Chomhchoiste	29

Réamhrá an Chathaoirligh

Ar an 1 Feabhra 2023, leag Aire Stáit na Gaeltachta sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an Teachta Dála Patrick O'Donovan, an Scéim Ghinearálta de Bhille Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022 faoi bhráid Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge. D'eascair sé seo ó chinneadh an Rialtais ar an 13 Nollaig 2022 go n-iarrfadh sé ar an gComhchoiste tabhairt faoi ghrinnscrúdú réamhreachtach air.

Ag a chruinníú ar an 8 Feabhra 2023, chomhaontaigh an Comhchoiste go ndéanfad sé amhlaíd, agus mar chuid dá imscrúdú, go gcuirfeadh sé tuarascáil i dtoll a chéile, moltaí san áireamh, agus go leagfad sé an tuarascáil sin faoi bhráid Thithe an Oireacatais. Chomhaontaigh an Comhchoiste go seolfadh sé cóip den tuarascáil ar aghaidh chuig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaón, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Catherine Martin (an tAire), agus chuig Aire Stáit na Gaeltachta (an tAire Stáit).

Tá 22 moladh mar chuid den tuarascáil seo, agus tá ciall agus tábhacht ag baint le gach ceann acu. É sin ráite, ba mhaith liom aird an Aire agus an Aire Stáit, Thithe an Oireacatais agus an phobail i gcoitinne a tharraingt ar roinnt díobh. Creidim, mar Chathaoirleach an Choiste, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo.

Creideann an Comhchoiste gur bunriachtanas é go mbeidh Gaeilge líofa fheidhmiúil ag gach ball de Bhord Údarás na Gaeltachta.

Tuigeann an Comhchoiste go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an daonlathas agus go mbeidh Bord Údarás na Gaeltachta ionadaíoch ar phobal na Gaeltachta, i ngach cúige, contae agus limistéar pleanála teanga ina bhfuil ceantair Ghaeltachta lonnaithe. Creideann muid chomh maith gur cheart go mbeidh an bord ionadaíoch ar gach ceantar Gaeltachta agus go dtabharfaidh sé léargas dílis ar cheantair bheaga Ghaeltachta, ceantair ina bhfuil daonra beag iontu ach go háirithe, lena chinntí go mbeidh guth na gceantar sin le cloisteáil ar an mbord nuair a dhéanfaidh an bord cinntí faoi thodhchaí na gceantar sin. Níor mhór cinntí a dhéanamh dá réir a dhéanann idirdhealú dearfach ar a son, ar bhealach a chinnteoidh an ionadaíocht chéanna agus anuas air sin, go mbeidh toghcheantair ar leith acu le cóimheas níos dílse idir lón na suíochán agus an toghlach féin.

Ar an bpriónsabal céanna, creideann an Comhchoiste gur cheart cinntí a dhéanamh a chinnteoidh go mbeidh cothromas maidir le cursaí inscne ar an mbord. Chun é sin a bhaint amach, caithfear cinntí a dhéanamh arís de réir phriónsabal an idirdhealaithe dhearfaigh. Ceann de na bealaí is fearr chun tabhairt faoi seo ná go dtoghfar beirt i ngach aon toghcheantar a mbeidh níos mó ná suíochán amháin ann: fear agus bean. Beidh bord níos mó i gceist don Aire, ach tá an Comhchoiste den tuairim gur cheart go mbeidh bord iomlán tofa ann, agus go dtoghsaibh an bord féin Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach bhord Údarás na Gaeltachta as a stuaim féin.

I bhfianaise a leochailí is atá an Ghaeltacht trí chéile, beidh ualach mhór oibre ag an bord agus ag feidhmeannas Údarás na Gaeltachta agus caithfear a chinntí dá réir go mbeidh na huirlísí agus an maoiniú acu chun cosaint, caomhnú agus borradh a chur faoi na ceantair Ghaeltachta agus na bailte seirbhíse Gaeltachta araon. Chun é sin a dhéanamh, caithfidh an Rialtas a chinntí go gcaithfear le hÚdarás na Gaeltachta ar comhcháim leis na heagrais fiontair Stáit eile, ar nós Fiontar Éireann agus an

Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail, i dtaca leis na cúramí fiontraíochta a thagann faoi bhráid an Údaráis. Chuige sin, níor mhór aitheantas a thabhairt don infheistíocht shuntasach a chaitheamh a dhéanamh chun cabhrú leis an Údarás an feidhm atá aige chun a chuid dualgas i dtaca le cosaint na Gaeilge agus na Gaeltachta a chomhlíonadh.

Ar deireadh, aithníonn an Comhchoiste an tábhacht a bhaineann le fochoistí Bhord Údarás na Gaeltachta, agus chun iad siúd a dhéanamh níos oiriúnaí don fheidhm a bhaineann leo; molann an Comhchoiste go ndéanfar athstruchtúrú ar na coistí réigiúnacha, agus go n-athchruthófar iad mar thrí Choiste Cúige. Molann an Comhchoiste go mbeidh an chumhacht ag an Rialtas beirt a cheapadh ar gach ceann de na Coistí Cúige sin, agus go dtiocfaidh na Coistí Cúige le chéile, ar a laghad dhá uair sa bhliain, mar Choiste Straitéiseach Náisiúnta.

Tá síul ag an gComhchoiste go dtabharfaidh an tAire agus an tAire Stáit na moltaí fiúntacha seo dá n-aire, agus go gcuirfear mar leasuithe agus mar phorálacha nua iad sa Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2022.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na finnéisithe go léir a leag aighneachtaí faoi bhráid an Chomhchoiste ar an ábhar seo, agus leis na finnéisithe a tháinig os ár gcomhair chun é a phlé linn ag ár gcruiinnithe. Tá mise agus Comhaltaí uile an Chomhchoiste an-bhuíoch díbh as bhur rannpháirtíocht sa togra seo.

Ag a chruinniú ar an 11 Iúil 2023, chomhaontaigh an Comhchoiste an tuarascáil seo a ghlaicadh agus í a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtas ar an 17 Iúil 2023.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
17 Iúil 2023

Moltaí

1. Molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire aird ar na bearnaí atá ann sa Scéim Ghinearálta de Bhille Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022, mar atá sé leagtha amach faoi láthair, maidir le hionadaíocht ar Bhord Údarás na Gaeltachta o na ceantair bheaga Ghaeltachta atá scoite amach óna chéile, ionnaithe in áiteanna iargúlta ó thaobh na tíreolaíochta de, agus ina bhfuil daonra íseal ionnaithe iontu. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar líon na mball ar Bhord Údarás na Gaeltachta lena chinntiú go mbeidh ionadaíocht ag gach ceantar Gaeltachta ar leith, na ceantair beaga cosúil le Uíbh Rátháigh i gContae Chiarraí agus na hoileáin Ghaeltachta ina measc. Molann an Comhchoiste é seo lena chinntiú go mbeidh ionadaíocht ar Bhord Údarás na Gaeltachta ó gach pobal Gaeltachta, rud atá an-tábhacht ag baint leis i meon na bpobal sin.
2. Molann an Comhchoiste go gcuirfear an tAire córas i bhfeidhm trína dtoghfar baill uile Bhord Údarás na Gaeltachta, seachas córas ina dtoghfar roinnt ball agus ina n-ainmnítear roinnt ball eile, mar atá leagtha amach i Scéim Ghinearálta agus Ceannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2022 faoi láthair.
3. Molann an Comhchoiste sa chás go mbeidh breis saineolais ag teastáil ó bhord tofa Údarás na Gaeltachta agus é ag dul i mbun a chuid oibre, go soláthrófaí an saineolas sin trí fheidhmeannas an Údaráis féin, más rud é nach ann dó ar an mBord féin é.
4. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar líon na mball ar Bhord Údarás na Gaeltachta lena chinntiú go mbeidh comhionannas inscne, chomh fada agus is féidir, ar an mbord. In ainneoin nár chomhaontaigh an Comhchoiste ar aon chur chuige ar leith chun teacht ar an mbealach is fearr chun comhionannas inscne a chinntiú ar an mbord, rud a aithnítear go bhfuil sé andeacair a chinntiú, is é an rud atá á mholadh ag an gComhchoiste ná beirt iarrthóirí a chur ar aghaidh i ngach toghcheantar a mbeidh níos mó ná suíochán amháin ann – bean agus fear – lena chinntiú go mbeidh comhionannas inscne ann. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí dhá phainéal i gcomhair an dá inscne a chur le chéile. I gcóras dá leithéid sin, d'fhéadfaí iarrthóir ó inscne amháin a bheith tofa chomh luath is a bhaineann sé nó sí an cuóta amach, agus ina dhiadh sin, d'fhéadfaí an comhaireamh dul ar aghaidh go dtí go mbaineann an chéad iarrthóir den inscne eile an cuóta amach, nó go dtí nach mbeidh aon vóta eile le seachadadh. Nuair a shroichfí ceachtar den dhá stad sin, bheadh an t-iarrthóir ón dara hinscne a mbeadh na vótaí is mó aici nó aige ag an stad sin tofa chomh maith. Bheadh an córas molta seo ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm, an painéal laistigh agus an bpainéal lasmuigh, sna toghcháin um Sheanad Éireann.
5. Molann an Comhchoiste go n-eagrófaí an tAire feachtasaíocht leanúnach i dtaca le comhionannas inscne chun daoine a mhealladh iad féin a chur ar aghaidh mar iarrthóirí sna toghcháin de Bhord Údarás na Gaeltachta.

6. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire córas nua i bhfeidhm a ligfidh d'iarthóirí a léiriú go bhfuil Gaeilge fheidhmiúil acu i labhairt, i léitheoireacht agus i scríobh na Gaeilge. Molann an Comhchoiste go mbeidh rochtain láithreach ar an bhFráma Tagartha Comóntha Eorpach (FTCE) i bhfeidhm, agus ar fáil go héasca, ionas gur féidir le daoine, ar mian leo a bheith ina n-iarthóirí sa toghchán sin a dheimhniú láithreach go bhfuil an cumas sin acu. Molann an Comhchoiste go mbeidh dóthain ama ag na daoine sin é sin a léiriú sula ndúnfar dátaí deiridh na n-iarratas. Molann an Comhchoiste nach mbeidh cead ag daoine, nach bhfuil an cumas sin léirithe acu roimh na dátaí deiridh sin, seasamh in aon toghchán, i gcomhair bhallaíocht Bhord Údarás na Gaeilge.
7. Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta, ós rud é gur limistéar fairsing scoite thar seacht gcontae í an Ghaeltacht, agus os rud é go bhfuil sé an-dúshlánach ar dhuine amháin maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh ar fheidhmeanna uile an Bhoird thar an limistéar fairsing scoite sin, gan chúnamh. Chomh maith leis sin, molann an Comhchoiste gur faoi Bhord Údarás na Gaeltachta a bheidh sé an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach a thoghadh.
8. Molann an Comhchoiste go ndéanfar an tAire athstruchtúrú ar na coistí réigiúnacha de chuid Údarás na Gaeltachta agus go n-athchrúthóidh an tAire iad mar Choistí Cúige: Coiste Chonnacht agus Laighean; Coiste Uladh; agus Coiste na Mumhan. Molann an Comhchoiste go dtiocfaidh na trí Choistí Cúige sin le chéile, ar a laghad dhá uair sa bláthain, mar Choiste Straitéiseach Náisiúnta.
9. Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh an chumhacht ag an Rialtas beirt a cheapadh ar na Coistí Cúige de chuid Údarás na Gaeltachta, agus ar aon fhochoiste eile a thiocfaidh faoi chúram an bhord Údarás, nó ar aon fhochoiste a thiocfaidh faoi chúram na gCoistí Cúige de chuid an Údaráis.
10. Molann an Comhchoiste go reáchtálfar toghcháin Údarás na Gaeltachta gach cúig bliana agus go ndéanfar amhlaidh ar an lá céanna is a bheidh toghcháin an rialtais áitiúil agus toghcháin Pharlaímint na hEorpa ar siúl.
11. Molann an Comhchoiste nach gcuirfidh an tAire aon srian ar líon na n-uaireanta ar féidir le haon iarrthóir seasamh agus a bheith tofa i dtoghchán i gcomhair ballraíocht de Bhord Údarás na Gaeltachta, is cuma an líon uaireanta a togadh é nó í mar bhall den bhord roimhe sin.
12. Molann an Comhchoiste nach gcuirfidh an tAire aon choinníoll i bhfeidhm ina gcuirfidh srian, a bhaineann leis an áit ina bhfuil iarrthóirí ina gcónaí, ar aon iarrthóir seasamh i dtoghchán i gcomhair bhallaíocht bhord Údarás na Gaeltachta. Molann an Comhchoiste an moladh seo ionas nach mbeidh aon srian ar iarrthóirí, nach féidir leo a bheith ina gcónaí sa Ghaeltacht, mar gheall nach féidir leo áit chónaithe a cheannach inti nó nach féidir leo cead pleánaí a fháil i gcomhair áit chónaithe dóibh féin a fháil inti, seasamh sa toghchán sin.

13. Molann an Comhchoiste don Aire nach mbeidh cead ag aon daoine a bheith ina mbaill de Bhord Údarás na Gaeltachta, más Comhalta de Thithe an Oireachtas, de Pharlaimint an Aontais Eorpaigh, de Thionól Thuaisceart Éireann nó d'aon údarás áitiúil ar oileán na hÉireann iad ag an am.
14. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an tAire, sna cásanna ina n-éiríonn aon bhall reatha de Bhord Údarás na Gaeltachta, as ballraíocht an bhoird, nó ina fhaigheann aon bhall reatha den bhord bás, go gceapfar comharba ar an iar-bhall sin, mar bhall den bhord. Molann an Comhchoiste go dtógfar an comharba sin as liosta ionadaíochta a bheidh leagtha faoi bhráid Údarás na Gaeltachta roimh ré, mar chuid den iarratas ón iar-bhall den bhord, a rinne sé nó sí mar iarrthóir sa toghchán don bhord ba dhéanaí. Beidh an córas molta seo ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm, sna toghcháin i gcomhair Pharlaimint na hEorpa.
15. Molann an Comhchoiste go reáchtálfar cruinnithe míosúla d'Údarás na Gaeltachta i seisiúin poiblí, agus go mbeidh rochtain oscailte ag an bpobal ar na cruinnithe míosúla sin, ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm sna húdaráis áitiúla. Molann an Comhchoiste go ndéanfar é sin ar an gcoinníoll go mbeidh an cumas agus an cead ag an mbord, cinneadh a dhéanamh roimh ré, nach féidir leo ábhar áirithe, a bhfuil íogaireacht tráchtála nó eile ag baint leo, a phlé i seisiún poiblí, ach gur gá na hábhair sin a phlé i seisiún príobháideach.
16. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire na coinníollacha céanna i gceist i gcomhair bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta, mar atá ann i gcomhair comhairleoirí de chuid na n-údarás áitiúla, ó thaobh tinrimh ag cruinnithe an bhoird.
17. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire liúntas sochair ar fáil do bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta agus go mbeidh a leithéid ar comhchéim leis an liúntas a íocatar i gcomhair comhairleoirí na n-údarás áitiúil.
18. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an t-Aire rial i bhfeidhm i leith aon uair a theipeann ar bhall de Bhord Údarás na Gaeltachta freastal ar aon chruinniú den bhord ar feadh sé mhí as a chéile ón dáta deireanach ar ar fhreastail an ball sin ar chruinniú den bhord. Nuair a tharlaíonn a leithéid, molann an Comhchoiste go gcuirfear deireadh leis an mball sin de bheith mar bhall den bhord, ach amháin má ghlacann an bord le cúis maidir leis an gcliseadh sin sula dtéann an tréimhse sé mhí sin in éag. Beidh an rial mholtá seo ar aon dul leis an rial atá i bhfeidhm i leith na n-údarás áitiúil.
19. Molann an Comhchoiste don Aire gur cheart íosmhéid céatadáin a leagan síos i gcás líon na gcrúinnithe a mbeidh gá do bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta freastal orthu le bheith i dteideal leis an liúntas a bhaineann le ballraíocht an bhoird.

20. Molann an Comhchoiste gur cheart don Aire go ndéanfar cinnte de go mbeidh na feidhmeanna cuí ag Údarás na Gaeltachta ionas gur féidir leis tabhairt faoina chuid oibre go héifeachtach. Molann an Comhchoiste go mbeidh sé de chumas ag an Údarás an talamh a bhfuil faoina úinéireacht a ligean amach ar léas, ar mhaithe le heastáit titheochta a thógáil i gceantair Ghaeltachta, nó chun athnuachan a dhéanamh ar chórais reatha uisce agus séarachais, nó chun bonneagair eile a thógáil, chomh fada is a chuideoihd na hoibreacha sin le príomhchuspóir Údarás na Gaeltachta an Ghaeilge a thabhairt slán go dtí an chéad ghlúin eile.
21. Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh an méid maoiniú Stáit a fhaigheann Údarás na Gaeltachta ceangailte, i dtéarmaí céatadáin, leis an méid airgid Stáit a fhaigheann an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann. Molann an Comhchoiste, i gcomhthéacs leocheileacht na Gaeltachta agus na gcúinsí teangeolaíocha agus cultúrtha a bhaineann leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge, agus i gcomhthéacs phríomhchúram an Údaráis chun an Ghaeilge a chur chun cinn, nach féidir leis an bhforáil seo a bheith ina bhac ar an Rialtas ná ar aon Aire den Rialtas maoiniú breise a chur ar fáil don Údarás, nuair is gá a leithéid a chur ar fáil dó.
22. Molann an Comhchoiste go gcláróidh an tAire Údarás na Gaeltachta mar údarás réigiúnach speisialta, faoin gCáirt Eorpach um Fhéinrialú Áitiúil de chuid Chomhairle na Eorpa.

1. Cúlra ar an mBille um Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022

Tá sé mar aidhm ag an tuarascáil seo grinnscrúdú réamhreachtach a dhéanamh ar Cheannteidil Scéim Ghinearálta an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2022 (an Bille) a bhfuil sé mar aidhm aige moltaí a chur i dtoll a chéile le hionadaíocht dhaonlathach a threisiú ar Bhord Údarás na Gaeltachta chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir leis an lín ceart comhaltaí a bheidh ar an mbord. Sa tuarascáil seo, déanfar breithniú ar cheist an chomhionannais inscne, ar na hinniúlachtaí ar leith atá ag teastáil chun tacú le Údarás na Gaeltachta (an tÚdarás) agus é ag iarraidh a chuid dualgas a chomhlíonadh. I measc na n-inniúlachtaí sin, tá inniúlachtaí ar leith de dhíth a bhaineann leis na nithe seo a leanas: -

Inniúlachtaí teangeolaíocha.

Inniúlachtaí cultúrtha.

Inniúlachtaí socheolaíochta agus eacnamaíochta.

Inniúlachtaí fiontraíochta agus fostáíochta

Inniúlachtaí anailíse.

2. Bunús Dlí don Nós Imeachta

Rinne Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge an grinnscrúdú réamhreachtach seo i gcomhréir le Buan-Ordú 173: -

- (1) Sula ndéanfar é a thíolacadh nó a thabhairt isteach sa Dáil, tabharfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil Bille don Choiste ag a bhfuil cumhacht faoi Bhuan-Ordú 95 chun Billí arna bhfoilsíú ag an gcomhalta den Rialtas a bhreithniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste Gnó an ceanglas sin a tharscaoileadh, de réir Bhuan-Ordú 30, ar scór iaraidh ón gcomhalta den Rialtas nó ón Aire Stáit. Beidh iaraidh ar tharscaoileadh den sórt sin de réir treoirlínte arna nglacadh ag an bhFochoiste ar Athleasú na Dála, agus faoi réir fógra a bheith tugtha don Choiste Gnó tráth nach déanaí ná 11 a.m. an ceathrú lá roimh a chruiinníú seachtainiúil: Ar choinníoll go bhféadfar, le cead an Cheann Comhairle, iaraidh ar tharscaoileadh a dhéanamh ar fhógra níos giorra ná sin.
- (2) Déanfaidh an Coiste ag a bhfuil cumhacht faoi Bhuan-Ordú 95 chun Billí arna bhfoilsíú ag an gcomhalta den Rialtas a bhreithniú scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil a bheidh tugtha faoi mhír (1) a bhreithniú: Ar choinníoll go bhféadfaidh an Coiste a chinneadh, i ndáil le Bille áirithe, nach gá breithniú den sórt sin a dhéanamh agus, sna cásanna sin, nach gá an scéim ghinearálta ná na dréacht-cheannteidil a bhreithniú.

3. Rannpháirtíocht leis na Páirtithe Leasmhara

D'fhógair Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge glaoch le haghaidh aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara i mí an Mhárta 2023 ar an mBille seo.

Tionóladh cruinnithe poiblí de chuid an Chomhchoiste le linn mhí na Bealtaine 2023 le páirtithe leasmhara áirithe.

Ba é príomhchuspóir na gcrúinnithe sin ná deis a thabhairt don Chomhchoiste dul i mbun comhrá leis na páirtithe leasmhara cuí agus cluas éisteachta a thabhairt dóibh maidir leis na codanna den Bhille a mbeadh gá leasuithe a dhéanamh orthu.

Déanann an tuarascáil cur síos achomair ar na nithe a d'eascair ón bplé sin agus moltaí na tuarascála féin á gcur i dtoll a chéile ag an gComhchoiste.

Tábla 1: Liosta de chruinnithe poiblí an Chomhchoiste le Páirtithe Leasmhara

Tábla 1: Na Finnéithe a labhair os comhair an Chomhchoiste	
3 Bealtaine 2023	
Ard-Rúnaí Chonradh na Gaeilge – Julian de Spáinn Uasal, agus Bainisteoir Abhcóideachta – an Chonartha – Róisín Ní Chinnéide Uasal.	
2023-05-03_raiteas-tosaigh-julian-de-spainn-ard-runai-conradh-na-gaeilge_en.pdf (oireachtas.ie)	
An Gníomhaí Pobail agus Taighdeoir – Donncha Ó hÉallaithe Uasal.	
2023-05-03_raiteas-tosaigh-donncha-o-heallaithe-gniomhai-pobail-agus-taighdeoir_en.pdf (oireachtas.ie)	
An tOllamh Conchúr Ó Giollagáin – Ollamh Taighde na Gàidhlig agus Stiúrthóir Institiúid na nEolaíochtaí Teanga.	
2023-05-03_raiteas-tosaigh-an-tollamh-conchur-o-giollagain-ollamh-taighde-na-gaidhlig-agus-stiurthoir-institiuid-na-neolaiochtai-teanga-ollscoil-na-gaeltachta-agus-na-noilean-alba_en.pdf (oireachtas.ie)	
An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh.	
2023-05-03_raiteas-tosaigh-an-tollamh-gearoid-o-tuathaigh_en.pdf (oireachtas.ie)	
Nasc chuig taifead scríofa an chruinnithe: -	
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-03/debate/mul@/main.pdf	
Nasc chuig an taifead craolacháin den chruinniú: -	
Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge debate - Wednesday, 3 May 2023 (oireachtas.ie)	

10 Bealtaine 2023

Ceannasaí Thuismitheoirí na Gaeltachta – Sorcha Ní Chéilleachair Uasal.

[2023-05-10_raiteas-tosaigh-sorcha-ni-cheilleachair-ceannasai-tuismitheoiri-na-gaeltachta_en.pdf \(oireachtas.ie\)](https://2023-05-10_raiteas-tosaigh-sorcha-ni-cheilleachair-ceannasai-tuismitheoiri-na-gaeltachta_en.pdf)

Nasc chuig an taifead scríofa den chruinniú: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-10/debate/mul@main.pdf

Nasc chuig an taifead craolacháin den chruinniú: -

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-10/

Nasc chuig an taifead craolacháin den chruinniú: -

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-10/

17 Bealtaine 2023

Anna Ní Ghallachair Uasal – Iar-Chathaoirleach ar Údarás na Gaeltachta.

[2023-05-17_raiteas-tosaigh-anna-ni-ghallachair-iar-chathaoirleach-bhord-udaras-na-gaeltachta_en.pdf \(oireachtas.ie\)](https://2023-05-17_raiteas-tosaigh-anna-ni-ghallachair-iar-chathaoirleach-bhord-udaras-na-gaeltachta_en.pdf)

Michéal Ó hÉanaigh | Iar-Phríomhfeidhmeannach ar Údarás na Gaeltachta.

[2023-05-17_raiteas-tosaigh-micheal-o-heanaigh-iar-phriomhfeidhmeannach-udaras-na-gaeltachta_en.pdf \(oireachtas.ie\)](https://2023-05-17_raiteas-tosaigh-micheal-o-heanaigh-iar-phriomhfeidhmeannach-udaras-na-gaeltachta_en.pdf)

Bainisteoir Chomharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne Teo – Páidí Ó Sé Uasal.

(Ní raibh aon ráiteas tosaigh soláthraithe ag an bhfinne seo).

Bainisteoir Fhorbairt na Dromada – Eimear Ní Mhurchú Uasal. [2023-05-17_raiteas-tosaigh-eimear-ni-mhurchu-agus-aine-ui-bheolain-bainisteoir-forbairt-na-dromoda-teo_en.pdf \(oireachtas.ie\)](https://2023-05-17_raiteas-tosaigh-eimear-ni-mhurchu-agus-aine-ui-bheolain-bainisteoir-forbairt-na-dromoda-teo_en.pdf)

An Bainisteoir – Áine Uí Bheoláin Uasal, an Gníomhaí Teanga agus Pobail – Edel Ní Bhraonáin Uasal, an Gníomhaí Pobail agus Ball de Thascfhórsa Uíbh Ráthraighe -Fíona de Buis Uasal, agus an Comhairleoir Contae ar Comhairle Contae Chiarraí agus Ball de Thascfhórsa Uíbh Ráthraighe – Norma Moriarty | Comhairleoir Contae, agus Pleanálaí Teanga Uíbh Ráthraighe – Victor Bayda Uasal, thar ceann Chomhchoiste Ghaeltacht Uíbh Ráthraighe.

(Ní raibh aon ráitis tosaigh soláthraithe ag na bhfinn éithe seo).

Nasc chuig an taifead scríofa den chruinniú: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/debateRecord/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-17/debate/mul@main.pdf

Nasc chuig an taifead craolacháin den chruinniú: -

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-17/

31 Bealtaine 2023

Aire Stáit na Gaeltachta ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán – an Teachta Dála Patrick O'Donovan agus a hoifigigh: -

Stiúrthóir na Gaeilge – an Doctúir Aodhán MacCormaic, agus an Príomhoifigeach Gníomhach – Tríona Ní Mhathúna Uasal, agus an Príomhoifigeach Cúnta – Sharon Ó Ceallaigh sa Rannóg Gaeltachta agus Pleanála Teanga, thar ceann na Roinne Turasóireachta, Cultúir Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-31/ (oireachtas.ie)

Nasc chuig an taifead scríofa den chruinniú seo: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-31/submit/mul@main.pdf

Nasc chuig an taifead craolacháin den chruinniú seo: -

https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-05-31/

Tábla 2: Liosta na nAighneachtaí Scríofa

Tábla 2: Liosta de na hAighneachtaí Scríofa a fuair an Chomhchoiste
Seosamh Mac Donnacha Uasal: - https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-seosamh-mac-donnacha-comhordaitheoir-acaduil-ollscoil-na-gaillimhe_en.pdf
Anna Ní Ghallachair Uasal: - https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-anna-ni-ghallachair-iar-chathaoirleach-udaras-na-gaeltachta_en.pdf
Donncha Ó hÉallaithe Uasal: - https://www.oireachtas.ie/en/debates/debate/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/2023-06-30_aighneacht-donncha-o-heallaithe-gniomhai-pobail-agus-teanga_en.pdf (oireachtas.ie)

Micheál Ó hÉanaigh Uasal: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-micheal-o-heanaigh-iar-phriomhfheidheammach-udaras-na-gaeltacha_en.pdf
https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-micheal-o-heanaigh-iar-phriomhfheidheammach-udaras-na-gaeltacha_en.pdf

An tOllamh Conchúr Ó Giollagáin: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-an-tollamh-conchur-o-giollagain-ollamh-taighde-na-gaidhlig-stiurthoir-institiuid-na-neolaiocftai-teanga-ollscoil-na-gaeltachta-agus-na-noilean-alba_en.pdf

An tOllamh Gearóid Ó Tuathaigh: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-an-tollamh-gearoid-o-tuathaigh_en.pdf

Aontas Rialtas Áitiúil na hÉireann: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-liam-o-cionnaigh-stiurthoir-aontas-rialtas-aitiui-na-heireann_en.pdf

Comharchumann Dhún Chaoin: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-feargal-mac-amhlaoibh-ball-de-choiste-an-chomharchumainn-comharchumann-dhun-chaoin_en.pdf

Comhchoiste Ghaeltacht Uíbh Rátháigh: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-aine-ui-bheolain-bainisteoir-comhchoiste-ghaeltacht-uibh-rathaigh_en.pdf

Conradh na Gaeilge: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-julian-de-spainn-ard-runai-conradh-na-gaeilge_en.pdf

Cumann Barra na Gaeilge: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-cormac-o-dulachain-cathaoirleach-cumann-barra-na-gaeilge_en.pdf

Sinn Féin: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-an-teachta-dala-aengus-o-snodaigh-urlabhrai-gaeilge-gaeltachta-ealaion-agus-cultuir-sinn-fein_en.pdf

Tascfhórsa Uíbh Ráthair: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-donal-o-liathain-cathaoirleach-tascfhorsa-uibh-rathaigh_en.pdf

Tuismitheoirí na Gaeltachta: -

https://data.oireachtas.ie/ie/oireachtas/committee/dail/33/comhchoiste_na_gaeilge_na_gaeltachta_agus_phobal_labhartha_na_gaeilge/submissions/2023/2023-06-30_aighneacht-sorcha-ni-cheilleachair-ceannasai-tuismitheoiri-na-gaeltachta_en.pdf

Chomh maith leis na finnéithe agus na haighneachtaí thuasluaite, thug an Comhchoiste cuirí do roinnt eagraíochtaí eile, comharchumann sa Gaeltacht agus eagraithe a dhéanann ionadaíocht ar son na mban san áireamh, teacht os comhair an Chomhchoiste nó aighneacht scríofa a leagan faoi bhráid an Chomhchoiste. Faraor, níor ghlac na heagraíochtaí sin leis na cuirí sin.

4. Bhaill Thofa de Bhord Údarás na Gaeltachta

Chomhairligh roinnt de na finnéisithe a tháinig os comhair an Chomhchoiste nár leor 16 Bhord Údarás na Gaeltachta i gcomhthéacs na ndualgas atá le comhlíonadh aige, agus nár leor 12 bhall thofa, i gcomhthéacs leagan amach na Gaeltachta trasna cheithre chúige, seacht gcontae, 26 limistéar pleanála teanga agus iomaí ceantar beag, agus iad scoite amach óna chéile. Ar an láimh eile, chomhairligh roinnt finnéisithe eile go mbíonn deacrachartaí ann i bhfeidhmiú aon bhord nuair a bhíonn líon na mball ar an mbord sin an-ard, agus go bhfeidhmíonn boird stáit níos fearastúla nuair atá an bhallraíocht sách íseal acu.

Agus é ag féachaint ar dhea-chleachtas i dtíortha eile maidir le hionadaíocht ar son pobail áirithe, thug an Comhchoiste dá aire go dtoghtar 24 comhairleoir ar Chomhairle Náisiúnta Navajo i Stáit Aontaithe Mheiriceá; 25 feisire don Pharlaimint Thíoróil Theas san Iodáil, 39 feisire do Pharlaimint Sámai na hlorua, agus sa bhFionlainn, 21 feisire i bPharlaimint Sámai na tíre sin agus 30 feisire do Pharlaimint an oiléain Åland. Thug an Comhchoiste dá aire gur i gcás Pharlaimint Sámai na hlorua, go ndéanann 39 feisire ionadaíocht thar ceann 40,000 duine, i gcás Pharlaimint Sámai na Fionlainne, go ndéanann 21 feisire ionadaíocht thar ceann tuairim is 8,000 duine, agus i gcás Pharlaimint an oiléain Åland sa tir céanna, go ndéanann 30 feisire ionadaíocht thar ceann 30,129 duine). Ag féachaint ar an gcóimheas an-ard seo idir líon na n-ionadaithe sna tionól ionadaíocha dhaonlathacha sin, agus líon na ndaoine a ndéanann na hionadaithe sin ionadaíocht ar a son, thug an Comhchoiste dá aire an t-aitheantas a thugtar d'ionadaíocht fhorleathan agus chuimsitheach, agus an tábhacht a bhaineann léi. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil an prionsabal agus an deachleachtas idirnáisiúnta seo aitheanta in Éirinn chomh maith. Dar leis an bhForas Riaracháin sa bhliain 2016, bionn idir 18 agus 63 comhairleoir ar na húdaráis áitiúla éagsúla; agus idir triúr agus 37 comhalta ar bhoird stáit éagsúla. I bhfianaise sin, ní léir aon chúis don Comhchoiste go gcuirfeadh an Bille seo srian chomh gortach is atá á mhaoimh, ar líon bhaill thofa Bhord an Údaráis.

Molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire aird ar na bearnaí atá ann sa Scéim Ghinearálta de Bhille Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022, mar atá sé leagtha amach faoi láthair, maidir le hionadaíocht ar Bhord Údarás na Gaeltachta o na ceantair bheaga Ghaeltachta atá scoite amach óna chéile, lonnaithe in áiteanna iargúltá ó thaobh na tíreolaíochta de, agus ina bhfuil daonra íseal lonnaithe iontu. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar líon na mball ar Bhord Údarás na Gaeltachta lena chinntíú go mbeidh ionadaíocht ag gach ceantar Gaeltachta ar leith, na ceantair beaga cosúil le Uíbh Ráthraigh i gContae Chiarraí agus na hoileáin Ghaeltachta ina measc. Molann an Comhchoiste é seo lena chinntíú go mbeidh ionadaíocht ar Bhord Údarás na Gaeltachta ó gach pobal Gaeltachta, rud atá antábhacht ag baint leis i meon na bpobal sin. – Moladh 1 den tuarascáil.

An rud is tábhachtaí a bhaineann leis an moladh seo ná go mbeidh ionadaíocht fhorleathan ag pobal na Gaeltachta ar bhord an Údaráis, agus go mbeidh guth ar an mbord, chomh fada agus is féidir, ag gach cúige, contae, limistéar pleanála teanga, ceantar agus oiléán éagsúil ar fud na Gaeltachta. Bhí an bunphrionsabal sin antábhachtach do bheagnach gach finn é a leag fianaise faoi bhráid an Comhchoiste.

5. Lón Bhaill Cheaptha de Bhord Údarás na Gaeltachta

Léiríodh tuairimí éagsúla don Chomhchoiste maidir leis an bhfeidhm a bainfeadh le baill a cheapfaí do bhord an Údaráis ag an Rialtas lárnach, in áit do mhuintir an phobail iad a thoghadh. Aithníonn an Comhchoiste go dtéann an córas ceapacháin salach ar phrionsabal an daonlathais, ach ag an am céanna, aithníonn an Comhchoiste an dualgas atá ar an Rialtas go bhfeidhmíonn an tÚdarás mar Chomhlacht Poiblí, agus mar sin, go bhfuil dualgas ar an Rialtas a chinntíú go bhfeidhmíonn sé go húimléideach, agus go gcinnteoidh sé go bhfuil na hinniúlachtaí éagsúla atá de dhíth i gcomhair ghníomhachtaí aon bhoird d'aon chomhlacht phoiblí ar fáil do Bhord an Údaráis. Thug an Comhchoiste dá aire tuairimí a léiríodh dó, inar dúradh go bhféadfaí na hinniúlachtaí éagsúla a bheadh á dteastáil ag an mbord a chur ar fáil dó trí na fochoistí a bheadh ag feidhmiú faoina stiúir féin, agus go mbeifí in ann na saineolaithe a bheadh de dhíth in leith a cheapadh ar na fochoistí sin.

Cé go n-aithníonn an Comhchoiste, an gá go mbeadh inniúlachtaí áirithe agus rochtain ar na saineolaithe a bhfuil saineolas acu sna hinniúlachtaí sin, ar fáil don bhord, is é tuairim an Chomhchoiste, tar éis dó a bhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise go léir, gur córas níos fearr é na hinniúlachtaí agus na saineolaithe sin a chur ar fáil don bhord trí fheidhmeannas an Údaráis féin, seachas trí chóras cheapacháin don Bhord nó trí chóras ceapacháin do na fochoistí a fheidhmíonn faoina stiúir.

Molann an Comhchoiste go gcuirfear an tAire córas i bhfeidhm trína dtoghfar baill uile de Bhord Údarás na Gaeltachta, seachas córas ina dtoghfar roinnt ball agus ina n-ainmnítear roinnt ball eile, mar atá leagtha amach i Scéim Ghinearálta agus Ceannteidil an Bhille um Údarás na Gaeltachta (Leasú), 2022 faoi láthair. – Moladh 2 sa tuarascáil.

Molann an Comhchoiste sa chás go mbeidh breis saineolais ag teastáil ó bhord tofa Údarás na Gaeltachta agus é ag dul i mbun a chuid oibre, go soláthrófaí an saineolas sin trí fheidhmeannas an Údaráis féin, más rud é nach ann dó ar an mBord féin é. – Moladh 3 den tuarascáil.

Is aitheantas iad na moltaí seo ar an tábhacht a leagann an Comhchoiste ar an daonlathas, agus ar an bhéim a chuirtear ar an daonlathas agus ar an ionadaíocht áitiúil in comhlachtaí poiblí ionadaíochta trasna an domhain, seachas ar córas ina bhfuill an iomarca smacht á choimeád air ag an rialtas lárnach.

6. Comhionannas Inscne idir na Baill ar Bhord Údarás na Gaeltachta

Aithníonn an Comhchoiste na deacrachtaí a bhaineann leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh go forleathan lena chinntíú go mbeidh comhionannas inscne, chomh maith le comhionannais thábhachta eile, i bhfeidhm i saol poiblí na hÉireann. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil an-dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas, ach go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh. Thug an Comhchoiste dá aire gur aithin na finnéithe éagsúla na deacrachtaí sin freisin, agus go n-aithnítear sa phobal i gcoitinne é gur fadhb chasta í seo nach bhfuil réiteach éasca ar fáil uirthi.

Is chuige sin a mhol an Comhchoiste na moltaí seo a leanas:-

Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an tAire athbhreithniú ar líon na mball ar Bhord Údarás na Gaeltachta lena chinntíú go mbeidh comhionannas inscne, chomh fada agus is féidir, ar an mbord. In ainneoin nár chomhaontaigh an Comhchoiste ar aon chur chuige ar leith chun teacht ar an mbealach is fearr chun comhionannas inscne a chinntíú ar an mbord, rud a aithnítear go bhfuil sé an-deacair a chinntíú, is é an rud atá á mholadh ag an gComhchoiste ná beirt iarrthóirí a chur ar aghaidh i ngach toghcheantar a mbeidh níos mó ná suíochán amháin ann – bean agus fear – lena chinntíú go mbeidh comhionannas inscne ann. D'fhéadfaí sin a dhéanamh trí dhá phainéal i gcomhair an dá inscne a chur le chéile. I gcóras dá leithéid sin, d'fhéadfaí iarrthóir ó inscne amháin a bheith tofa chomh luath is a bhaineann sé nó sí an cuota amach, agus ina dhiadh sin, d'fhéadfaí an comhaireamh dul ar aghaidh go dtí go mbaineann an chéad iarrthóir den inscne eile an cuota amach, nó go dtí nach mbeidh aon vóta eile le seachadadh. Nuair a shroichfí ceachtar den dhá stad sin, bheadh an t-iarrthóir ón dara hinscne a mbeadh na vótaí is mó aici nó aige ag an stad sin tofa chomh maith. Bheadh an córas molta seo ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm, an painéal laistigh agus an bpainéal lasmuigh, sna toghcháin um Sheanad Éireann. – Moladh 4 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go n-eagrófaí an tAire feachtasaíocht leanúnach i dtaca le comhionannas inscne chun daoine a mhealladh iad féin a chur ar aghaidh mar iarrthóirí sna toghcháin de Bhord Údarás na Gaeltachta.- Moladh 5 den tuarascáil.

7. Cumas Gaeilge na Baill ar Bhord Údarás na Gaeltachta

Aithníonn an Comhchoiste gur coinníoll docht neamh-intráchta é an coinníoll go mbeidh Gaeilge líofa fheidhmiúil i labhairt, i léitheoireacht agus i scríobh na Gaeilge, ag gach uile bhall de Bhord an Údaráis. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil an dualgas ar na hiarrthóirí féin a léiriú go bhfuil an cumas sin acu. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil dualgas ar an Rialtas córas oifigiúil reatha a bheith i bhfeidhm ionas gur féidir le daoine ar mian leo a bheith ina n-iarrthóirí sa toghchán sin, a dheimhniú láithreach go bhfuil an cumas sin acu. Aithníonn an Comhchoiste gurb é an Fráma Tagartha Comóntha Eorpach an tslí is fearr chun an cumas sin a léiriú agus a dhearbhú.

Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire córas nua i bhfeidhm a ligfidh d'iarrthóirí a léiriú go bhfuil Gaeilge fheidhmiúil acu i labhairt, i léitheoireacht agus i scríobh na Gaeilge. Molann an Comhchoiste go mbeidh rochtain láithreach ar an bhFráma Tagartha Comóntha Eorpach (FTCE) i bhfeidhm, agus ar fáil go héasca, ionas gur féidir le daoine, ar mian leo a bheith ina n-iarrthóirí sa toghchán sin a dheimhniú láithreach go bhfuil an cumas sin acu. Molann an Comhchoiste go mbeidh dóthain ama ag na daoine sin é sin a léiriú sula ndúnfar dátaí deiridh na n-iarratas. Molann an Comhchoiste nach mbeidh cead ag daoine, nach bhfuil an cumas sin léirithe acu roimh na dátaí deiridh sin, seasamh in aon toghchán, i gcomhair bhallraíocht Bhord Údarás na Gaeilge. – Moladh 6 den tuarascáil.

8. Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach Bhord Údarás na Gaeltachta

Rinne an Comhchoiste breithniú ar cheist Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach bhord an Údaráis agus ar cheist an Leas-Chathaoirligh, i dtaobh gá a bheith lena leithéid. Lena chois sin, rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an tslí is fearr chun Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach a chur i bhfeidhm, iad a bheith tofa ag ballraíocht an bhoird ina ionnláine, iad a bheith tofa ag ballraíocht tofa an bhoird, nó iad a bheith ceaptha ag an Rialtas.

Léirigh finnéisithe éagsúla tuairimí éagsúla maidir leis na ceisteanna sin agus thug an Comhchoiste na tuairimí sin dá aire sular chomhaontaigh sé ar an moladh seo: -

Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh Cathaoirleach agus Leaschathaoirleach ar Bhord Údarás na Gaeltachta, ós rud é gur limistéar fairsing scoite thar seacht gcontae í an Ghaeltacht, agus os rud é go bhfuil sé an-dúshlánach ar dhuine amháin maoirseacht éifeachtúil a dhéanamh ar fheidhmeanna uile an Bhoird thar an limistéar fairsing scoite sin, gan chúniamh. Chomh maith leis sin, molann an Comhchoiste gur faoi Bhord Údarás na Gaeltachta a bheidh sé an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach a thoghadh. – Moladh 7 den tuarascáil.

9. Na Coistí Réigiúnacha de chuid Údarás na Gaeltachta

Is é ábhar na gCoistí Réigiúnacha an t-ábhar is mó nach bhfuil mórán daoine sásta leis. Bhí roinnt finnéisithe den tuairim nach raibh siad oiriúnach don fheidhm a bhain leo agus gurbh fhearr go mbeadh fochoistí de bhord an Údarás féin ag feidhmiú ar feadh téarmaí éagsúla, de réir mar a bheadh gá leo. Aithníonn an Comhchoiste gur córas anásta iad na coistí réigiúnacha agus nach n-oibríonn siad chun leas na gceantar Gaeltachta beag amhail Ráth Chairn agus na Déise.

Ar bhord a bhfuil tromlach na mball air ina mbaill thofa seachas ina mbaill cheaptha, d'fhéadfaí go mbreathnófaí ar na baill thofa mar ionadaithe dá dtoghcheantair féin amháin, seachas mar ionadaithe thar ceann na Gaeltachta uile. Cé go n-aithníonn an Comhchoiste an dlisteanacht a bhaineann leis an ionadaíocht áitiúil, chaithfí cora agus bannaí a chur i bhfeidhm lena chinntiú go bhfeidhmíonn an bord mar aonad uile-ionadaíoch ar an nGaeltacht ina hiomláine. Ag an am céanna, caithfidh córas a bheith ann ina mbeidh an tÚdarás in ann dul i ngleic le cúrsaí agus dúshláin a bhaineann le ceantair ar leith seachas leis an nGaeltacht ina hiomláine. Ag féachaint ar dhá fheidhm na mball tofa den bhord, ceapann an Comhchoiste gurbh fhiú féachaint ar struchtúir éagsúla a ligfeadh do choistí éagsúla taobh istigh den Údarás cúrsaí agus ceisteanna áirithe a phlé. Caithfear athstruchtúrú a dhéanamh lena chinntiú go neartófar an gaol idir an tÚdarás agus ceantair éagsúla na Gaeltachta.

Molann an Comhchoiste go ndéanfar an tAire athstruchtúrú ar na coistí réigiúnacha de chuid Údarás na Gaeltachta agus go n-athchrúthóidh an tAire iad mar Choistí Cúige: Coiste Chonnacht agus Laighean; Coiste Uladh; agus Coiste na Mumhan. Molann an Comhchoiste go dtiocfaidh na trí Choiste Cúige sin le chéile, ar a laghad dhá uair sa bliain, mar Choiste Straitéiseach Náisiúnta. Moladh 8 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh an chumhacht ag an Rialtas beirt a cheapadh ar na Coistí Cúige de chuid Údarás na Gaeltachta, agus ar aon fhichoiste eile a thiocfaidh faoi chúram an bhord Údarás, nó ar aon fhichoiste a thiocfaidh faoi chúram na gCoistí Cúige de chuid an Údaráis. Tuarascáil 9 den tuarascáil.

10. Na Coinníollacha agus na Rialacha a bhaineann le Toghcháin agus Feidhmiú Bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta

Léirigh roinnt finnéithe a dtuairimí maidir leis an gcóras ba chóir a bheith i bhfeidhm le linn an toghchán don bhord agus le linn shaol an bhoird. Thug an Comhchoiste tuairimí éagsúla maidir le húsáid póstaer, rannpháirtíocht na bpáirtithe polaitíochta, na hamanna cearta chun an toghchán a reáchtáil (comhuaineach leis na toghcháin áitiúla agus Eorpacha), agus ar na daoine ar féidir leo nó nach féidir leo seasamh mar iarrthóirí agus vóta a chaitheamh mar thoghthóirí sa toghchán i gcomhair bhallraíocht bhord an Údaráis. Chomh maith leis sin, rinne an Comhchoiste a bhreithniú ar an dé-mhandáid, téarma oifige an bhoird, cé chomh minic arbh fhéidir le haon duine a bheith mar bhall den Bhord, tinreamh bhaill an bhoird ag cruinnithe, agus an buntáiste a bheadh ann le córas a chinnteodh go mbeadh roinnt ball airithe a raibh taithí acu ar obair an bhoird, ar an mbord i gcónaí. Ní hé sin le rá go mbeadh aon bhaill ar leith ann i gcónaí mar bhall den bhord, ach nach mbeadh bord iomlán nua ann ag aon am. Chomh maith leis sin, rinne an Comhchoiste breithniú ar cheist na liúntas a fhaigheann baill de bhord an Údaráis agus na rialacha ar fhiú a bheith ann ina leith.

Aithníonn an Comhchoiste gur ceisteanna níos forleithne ná forálacha an Bhille seo ceisteanna na bpóstaer agus na bpáirtithe polaitíochta agus nach é seo an áit is fearr chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin.

Maidir le téarma oifige baill aonair den bhoird, thug an Comhchoiste dá aire roinnt tuairimí faoi na féidearthachtaí a bhaineann le slí lena chinntiú go mbeadh baill a bhfuil taithí acu i gcónaí ar an mBord, seachas córas ina mbeadh Bord iomlán nua ag túis gach téarma nua.

Molann an Comhchoiste go reáchtálfar toghcháin Údarás na Gaeltachta gach cúig bliana agus go ndéanfar amhlaidh ar an lá céanna is a bheidh toghcháin an rialtais áitiúil agus toghcháin Pharlaimint na hEorpa ar siúl. – Moladh 10 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste nach gcuirfidh an tAire aon srian ar líon na n-uaireanta ar féidir le haon iarrthóir seasamh agus a bheith tofa i dtoghchán i gcomhair ballraíocht de Bhord Údarás na Gaeltachta, is cuma an líon uaireanta a togadh é nó í mar bhall den bhord roimhe sin. – Moladh 11 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste nach gcuirfidh an tAire aon choinníoll i bhfeidhm ina gcuirfidh srian, a bhaineann leis an áit ina bhfuil iarrthóirí ina gcónaí, ar aon iarrthóir seasamh i dtoghchán i gcomhair bhallraíocht bhord Údarás na Gaeltachta. Molann an Comhchoiste an moladh seo ionas nach mbeidh aon srian ar iarrthóirí, nach féidir leo a bheith ina gcónaí sa Ghaeltacht, mar gheall nach féidir leo áit chónaithe a cheannach inti nó nach féidir leo cead pleánala a fháil i gcomhair áit chónaithe dóibh féin a fháil inti, seasamh sa toghchán sin. – Moladh 12 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste don Aire nach mbeidh cead ag aon daoine a bheith ina mbaill de Bhord Údarás na Gaeltachta, más Comhalta de Thithe an Oireachtas, de Pharlaimint an Aontais Eorpaigh, de Thionól Thuaisceart Éireann nó d'aon údarás áitiúil ar oileán na hÉireann iad ag an am. – Moladh 13 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an tAire, sna cásanna ina n-éiríonn aon bhall reatha de Bhord Údarás na Gaeltachta, as ballraíocht an bhoird, nó ina fhaigheann aon bhall reatha den bhord bás, go gceapfar comharba ar an iar-bhall sin, mar bhall den bhord. Molann an Comhchoiste go dtógfar an comharba sin as liosta ionadaíochta a bheidh leagtha faoi bhráid Údarás na Gaeltachta roimh ré, mar chuid den iarratas ón iar-bhall den bhord, a rinne sé nó sí mar iarrthóir sa toghchán don bhord ba dhéanaí. Beidh an córas molta seo ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm, sna toghcháin i gcomhair Pharlaimint na hEorpa. – Moladh 14 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go reáchtálfar cruinnithe míosúla d'Údarás na Gaeltachta i seisiúin poiblí, agus go mbeidh rochtain oscailte ag an bpobal ar na cruinnithe míosúla sin, ar aon dul leis an gcóras atá i bhfeidhm sna húdaráis áitiúla. Molann an Comhchoiste go ndéanfar é sin ar an gcoinníoll go mbeidh an cumas agus an cead ag an mbord, cinneadh a dhéanamh roimh ré, nach féidir leo ábhar áirithe, a bhfuil íogaireacht tráchtala nó eile ag baint leo, a phlé i seisiún poiblí, ach gur gá na hábhair sin a phlé i seisiún príobháideach. – Moladh 15 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire na coinníollacha céanna i gceist i gcomhair bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta, mar atá ann i gcomhair comhairleoirí de chuid na n-údarás áitiúla, ó thaobh tinrimh ag cruinnithe an bhoird. – Moladh 16 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire liúntas sochair ar fáil do bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta agus go mbeidh a leithéid ar comhchéim leis an liúntas a íocatar i gcomhair comhairleoirí na n-údarás áitiúil. – Moladh 17 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an t-Aire rial i bhfeidhm i leith aon uair a theipeann ar bhall de Bhord Údarás na Gaeltachta freastal ar aon chruinniú den bhord ar feadh sé mhí as a chéile ón dáta deireanach ar ar fhreastail an ball sin ar chruinniú den bhord. Nuair a tharlaíonn a leithéid, molann an Comhchoiste go gcuirfear deireadh leis an mball sin de bheith mar bhall den bhord, ach amháin má ghlacann an bord le cúis maidir leis an gcliseadh sin sula dtéann an tréimhse sé mhí sin in éag. Beidh an rial mholtá seo ar aon dul leis an rial atá i bhfeidhm i leith na n-údarás áitiúil. – Moladh 18 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste don Aire gur cheart íosmhéid céatadáin a leagan síos i gcás líon na gcrúinnithe a mbeidh gá do bhaill Bhord Údarás na Gaeltachta freastal orthu le bheith i dteideal leis an liúntas a bhaineann le ballraíocht an bhoird. – Moladh 19 den tuarascáil.

11. Cumhachtaí Údarás na Gaeltachta

Aithníonn an Comhchoiste an fheidhm thábhachtach atá ag an Údarás i saol na Gaeltachta agus a lárnáí is atá sé i saol phobal na Gaeltachta: idir an pobal i gcoitinne agus gach duine atá ag cur fúthu sa Ghaeltacht. Aithníonn an Comhchoiste gurb í príomhaidhm an Údaráis ná: -

[...] caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta.’ [Faoin Údarás | Údarás na Gaeltachta \(udaras.ie\)](http://Faoin%20Údarás%20|%20Údarás%20na%20Gaeltachta%20(udaras.ie))

Mar sin, aithníonn an Comhchoiste an riactanas go mbeidh dóthain cumhachtaí ag an Údarás agus ag bord an Údaráis ionas gur féidir leo a bheith feiliúnach don fheidhm atá leagtha amach dóibh, agus ionas gur féidir leo dul i ngleic, ar bhunús iomlánaíoch, leis na dúshlání atá agus a bheidh os a gcomhair amach anseo. Chomh maith leis na cumhachtaí cuí, aithníonn an Comhchoiste nár tugadh cothrom na Féinne don Údarás i gcaitheamh na mblianta i gcomparáid leis an Údarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann, agus go mórmhór le linn na géarchéime ba dhéanaí. Mar sin féin, is mian leis an gComhchoiste a dhlúthchomhar leis an Údarás agus le pobal na Gaeltachta a léiriú go hoscaithe, agus is mian linn, Comhaltaí an Chomhchoiste, a rá go bhfuil súil againn nach dtarlóidh a leithéid arís. Má chuirtear ciorruithe i gcrích sna Comhlachtaí Poiblí arís, creideann an Comhchoiste gur chóir na ciorruithe sin a chur i bhfeidhm go cothrom ar fud na gComhlachtaí Poiblí, agus nach mbeidh na ciorruithe a chuirfear i bhfeidhm ar Chomhlachtaí Poiblí a bhaineann leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge níos déine ná na ciorruithe a chuirfear i bhfeidhm ar na Comhlachtaí Poiblí eile.

Tar éis dó a bhreithniú a dhéanamh ar na hábhair sin, tá roinnt moltaí comhaontaithe ag an gComhchoiste:

Molann an Comhchoiste gur cheart don Aire go ndéanfar cinnte de go mbeidh na feidhmeanna cuí ag Údarás na Gaeltachta ionas gur féidir leis tabhairt faoina chuid oibre go héifeachtach. Molann an Comhchoiste go mbeidh sé de chumas ag an Údarás an talamh a bhfuil faoina úinéireacht a ligean amach ar léas, ar mhaithle le heastáit titheacha a thógáil i gceantair Ghaeltachta, nó chun athnuachan a dhéanamh ar chórais reatha uisce agus séarachais, nó chun bonneagair eile a thógáil, chomh fada is a chuideoih na hoibreacha sin le príomhchuspóir Údarás na Gaeltachta an Ghaeilge a thabhairt slán go dtí an chéad ghlúin eile. – Moladh 20 den tuarascáil.

Molann an Comhchoiste don Aire go mbeidh an méid maioniú Stáit a fhraigheann Údarás na Gaeltachta ceangailte, i dtéarmaí céatadáin, leis an méid airgid Stáit a fhraigheann an tÚdarás Forbartha Tionscail agus Fiontraíocht Éireann. Molann an Comhchoiste, i gcomhthéacs leo chaileacht na Gaeltachta agus na gcúinsí teangeolaíocha agus cultúrtha a bhaineann leis an nGaeltacht agus leis an nGaeilge, agus i gcomhthéacs phríomhchúram an Údaráis chun an Ghaeilge a chur chun cinn, nach féidir leis an bhforáil seo a bheith ina bhac ar an Rialtas ná ar aon Aire den Rialtas maioniú breise a chur ar fáil don Údarás, nuair is gá a leithéid a chur ar fáil dó. – Moladh 21 den tuarascáil.

12. Stádas Údarás na Gaeltachta mar Údarás Réigiúnach Speisialta

Rinne an Comhchoiste a breithniú ar na buntáistí a bheadh ann dá gclárófaí an tÚdarás mar údarás réigiúnach speisialta faoi [Alt 13 den Chairt Eorpach um Féinrialú Áitiúil de chuid Chomhairle na Eorpa](#), faoi mar atá na Comhairlí Contae, na Comhairlí Cathrach agus na Comhairlí Baile aitheanta cheana. Sa Chairt sin, tá tagairt ann do luachanna tábhachtacha ó thaobh ionadaíocht an phobail de ,agus ó thaobh neamhspleáchas feidhmeanna agus airgeadais, luachanna atá an-fheiliúnach don obair atá idir lámha ag an Údarás. Cé nach mbaineann a bhreithniú ar an ábhar seo go díreach leis an Scéim Ghinearálta de Bhille Údarás na Gaeltachta (Leasú) 2022, creideann an Comhchoiste gur fiú don Aire glacadh leis an moladh seo. Aithníonn an Comhchoiste gur réigiún speisialta í an Ghaeltacht agus, mar sin, gur chóir go mbeadh an t-aitheantas sin ag an Údarás ionas gurb é an príomh-chomhlacht poiblí atá freagrach do phobal na Gaeltachta i leith chúrsaí teanga, eacnamaíochta agus sóisialta inti.

Molann an Comhchoiste go gcláróidh an tAire Údarás na Gaeltachta mar údarás réigiúnach speisialta, faoin gCairt Eorpach um Fhéinrialú Áitiúil de chuid Chomhairle na Eorpa.- Moladh 22 den tuarascáil.

AGUISÍN 1 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste

Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann

123. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.

- (1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.
- (2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
- (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Blíain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
 - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
 - (c) méadú ar úsaíd na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
 - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
 - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
 - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
 - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
 - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
 - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
 - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
- (3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—
- (a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,
 - (b) cibé gnéithe de na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus
 - (c) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus

- (d) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.
- (4) Seachtar Comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Cathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
- (5) Beidh ag Buan-Choiste na Dála na cumhactaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96(1), (2) agus (4).
- (6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhactaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3) agus (10) den Bhuan-Ordú sin.
- (7) Beidh de chumhacht ag an gComhchoiste faoi Bhuan-Ordú 95 breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
- (a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus
- (b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtas, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
- (8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 98, 100 agus 106 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
- (9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtas” chun críocha an Acharta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann (2021)

105. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

1. Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid na Dála chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh.
2. Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—
 - (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,
 - (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,
 - (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireactais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,
 - (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,
 - (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,
 - (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,
 - (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,
 - (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,
 - (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus
 - (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.
3. 5 Chomhalta de Sheanad Éireann a bheidh ar Buanchoiste an tSeanaid. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Buanchoiste na Dála ina Cathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.
4. Beidh ag Buanchoiste an tSeanaid na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72(1) agus (2).
5. Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72, seachas mír (6).

6. Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
 - a. scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 143;
 - b. aon tuarascáil iar-Achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 168, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
 - c. ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
7. Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 74, 77 agus 82 maidir le Buanchoiste an tSeanaid agus leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
8. Míneofar an Comhchoiste mar an ‘Comhchoiste Oireachtas’ chun críocha an Acharta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

AGUISÍN 2 – Comholtas an Chomhchoiste

Teachtaí Dála



Caitríona Ní Chonghaile
Neamhspleách



Dónal Ó hÉallaigh
Neamhspleách



Seosamh Mac Aodha
Fine Gael



Marc Ó Cathasaigh
An Comhaontas Glas



Fergus Ó Dubhda
Fine Gael



Ruairí Ó Murchú
Sinn Féin



Aindrias Ó
Muimhneacháin
Fianna Fáil



Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach
Sinn Féin



Pádraig Ó Súilleabhaín
Fianna Fáil

Seanadóirí



Lorraine Clifford-Lee
Leas-Chathaoirleach
Fianna Fáil



Seán Kyne
Fine Gael



Rónán Ó Maoláin
Neamhspleách



Niall Ó Donnghaile
Sinn Féin



Barra Mac an Bhaird
Fine Gael

Tithe an Oireachtais

Teach Laighean

Sráid Chill Dara

Baile Átha Cliath 2

D02 XR20

www.oireachtas.ie

Guthán: +353 (0)1 6183000

Twitter: @OireachtasNews

Déan ceangal linn



Íoslódáil an Aip

